



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Ciste na Séadchomharthaí Pobail

Meabhrán Mínithe CSP 2022

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

[gov.ie/tithíocht](https://www.gov.ie/tithíocht)



## Clár Ábhar

Ciste na Séadchomharthaí Pobail .....	1
Cé ar féidir leis cur isteach air? .....	3
An Cistiú atá ar Fáil - An Méid a Chisteofar .....	4
Critéir Roghnaithe .....	6
Cáilíocht na dtionscadal .....	7
Conas Iarratas a Dhéanamh .....	8
Aisíocaíocht an Chistithe .....	13
Coinníollacha Cáilitheacha .....	15
Nóta Treorach maidir le Pleananna Bainistíochta Caomhantais .....	16
Nóta Treorach maidir le Ráitis Mhoda agus Sceideal na nOibreacha .....	19
Téarmaí agus Coinníollacha .....	22

### Aguisíní

- **Foirm Iarratais CMF/A** atá le líonadh ag an Iarratasóir [tá an Seicliosta agus an Achoimre le líonadh ag an Údarás Áitiúil (nó ag eagraíocht atá cistithe ag an Stát)]
- **Foirm Bhreithmheasa CMF/B** atá le líonadh ag an Iarratasóir (nó ag eagraíocht atá cistithe ag an Stát)
- **Foirm Éilimh ar Aisíocaíocht CMF/C** atá le líonadh ag an Iarratasóir (nó ag eagraíocht atá cistithe ag an Stát)
- **Foirm Choimhlint Leasa**

## Ciste na Séadchomharthaí Pobail

Bunaíodh Ciste na Séadchomharthaí Pobail i dtosach in 2020 chun infheistíocht a sholáthar in oidhreacht seandálaíochta na hÉireann.

**Tugtar tús áite do chuid den chistiú seo d'údaráis áitiúla, úinéirí príobháideacha agus coimeádaithe agus grúpaí pobail maidir le cúram, caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí seandálaíochta agus chun aon bhearta riachtanacha a sholáthar le rochtain shábháilte i rith phaindéim Covid-19 a chinntiú.**

Is é an cistiú iomlán a bheidh ar fáil go náisiúnta do thionscadail faoi **Chiste na Séadchomharthaí Pobail 2022 €5,000,000.**

Déanfaidh **Ciste na Séadchomharthaí Pobail** caipiteal bunriachtanach a infheistiú inár n-oidhreacht seandálaíochta luachmhar agus cabhróidh sé le húinéirí agus coimeádaithe séadchomharthaí seandálaíochta iad a chosaint amach anseo ar mhaithe le pobail agus muintir an phobail.

Tugtar faoi deara níos soiléire an tionchar atá á imirt ag athrú aeráide ar ár séadchomharthaí. Mar gheall ar shíonchaitheamh agus ar theagmhais dhiana aeráide, is dóchúla go n-éireoidh timthriall an deisithe don oidhreacht thógtha níos giorra. Bainfidh buntábhacht le cothabháil agus deisiú méadaithe le hathléimneacht a fhorbairt inár séadchomharthaí lena chur ar a gcumas an fód a sheasamh in aghaidh na n-éifeachtaí a chruthaíonn timpeallacht athraithe.

Is iad croí-aidhmeanna an Chiste seo séadchomharthaí seandálaíochta **a chaomhnú, a chothabháil, a chosaint agus a chur i láthair.** Déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- **a chumasú** oibreacha caomhnaithe a dhéanamh ar shéadchomharthaí a gceaptar a mbaineann tábhacht leo agus a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu;
- **athléimneacht a fhorbairt** inár séadchomharthaí lena chur ar a gcumas an fód a sheasamh in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide;
- **spreagadh** a thabhairt do teacht ar shéadchomharthaí agus a gcur i láthair a fheabhsú;

Spreagann an Roinn gné oiliúna scileanna traidisiúnta a chuimsiú i dtionscadail.

Tá 3 Shruth ag Ciste na Séadchomharthaí Pobail:

1. Cuirfidh **Sruth 1** deontais ar fáil a mhéid le **€85,000** atá dírithe ar dheisiúcháin agus oibreacha caipitil bunriachtanacha chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus a dheisiú.
2. Cuirfidh **Sruth 2** deontais a mhéid le **€30,000** ar fáil chun Pleananna/Tuarascálacha Bainistíochta Caomhantais agus sonraíocht mhionsonraithe oibreacha a fhorbairt atá dírithe ar bhearta a shainaitheint chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus feabhas a chur ar rochtain phoiblí orthu.
3. Cuirfidh **Sruth 3** deontais a mhéid le **€30,000** ar fáil chun barr feabhais a chur ar bhonneagar rochtana agus ar léirtheiscint (ar bhealach fórga/ar líne san áireamh) ag séadchomharthaí seandálaíochta.

## Cé ar féidir leis cur isteach air?

Cuireann Ciste na Séadchomharthaí Pobail cistiú ar fáil do thionscadail a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (i) **Séadchomharthaí seandálaíochta** atá sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 (arna leasú);
- (ii) **Séadchomharthaí Seandálaíochta** a sainithníodh sa Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí a chuir Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta le chéile.

Bainfear tionscadail incháilithe ó na catagóirí seo a leanas:

- a) tionscadail a bheartaíonn Údarás Áitiúil maidir le **séadchomharthaí seandálaíochta faoi úinéireacht phoiblí**, inar léiríodh go bhfuil díriú soiléir ar an oidhreacht agus go gcruthaítear tairbhe don phobal nó do mhuintir an phobail;
- b) tionscadail a bheartaíonn Údarás Áitiúil de bhun iarratas ó **iarratasóirí príobháideacha arb úinéirí nó coimeádaithe séadchomharthaí seandálaíochta ábhartha iad** nuair a chruthaítear tairbhe inbhraite don phobal;
- c) tionscadail a dhíríonn ar an oidhreacht agus ar féidir é sin a shainiú go soiléir agus a chruthaíonn tairbhe phoiblí a bheartaíonn **eagraíocht atá cistithe ag an Stát** a oibríonn sa limistéar oidhreachta.

## An Cistiú atá ar Fáil - An Méid a Chisteofar

Sruth	Cistiú atá ar Fáil	An méid a chisteofar	Deontas Uasta
<b>1</b>	Deontais a mhéid le <b>€85,000</b> chun deisiúcháin agus oibreacha caipitil bunriachtanacha a dhéanamh chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú.	Deisiúcháin agus oibreacha caipitil bunriachtanacha a dhéanamh chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú	100% de na costais incháilithe
<b>2</b>	Deontais a mhéid le <b>€30,000</b> chun Pleananna/Tuarascálacha Bainistíochta Caomhantais agus Sonraíocht mhionsonraithe Oibreacha a fhorbairt atá dírithe ar bhearta a shainaitheint chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus feabhas a chur ar rochtain phoiblí orthu.	Pleananna/Tuarascálacha Bainistíochta Caomhantais agus Sonraíocht mhionsonraithe Oibreacha atá dírithe ar bhearta a shainaitheint chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus feabhas a chur ar rochtain phoiblí orthu.	100% de na costais incháilithe
<b>3</b>	Deontais a mhéid le <b>€30,000</b> chun barr feabhais a chur ar bhonneagar rochtana agus ar léirthuisicint (ar bhealach fíorga/ar líne san áireamh) ag séadchomharthaí seandálaíochta (bearta sláinte poiblí COVID 19 san áireamh).	Barr feabhais a chur ar bhonneagar rochtana agus ar léirthuisicint ag séadchomharthaí seandálaíochta (bearta sláinte poiblí COVID 19 san áireamh)	100% de na costais incháilithe

- i. Caithfidh iarratasóirí foinsé aon chistithe tionscadail bhreise riachtanaigh a dheimhniú.
- ii. Caithfear tionscadail a chríochnú agus a íoc sula lorgáítear aisíocaíocht ón Roinn.
- iii. Caithfear tabhairt faoi thionscadail agus riachtanais imréitigh cánach na gCoimisinéirí Ioncaim agus nósanna imeachta ábhartha faofa á sásamh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta
- iv. Caithfear tabhairt faoi thionscadail agus gach foráil reachtúil ábhartha (e.g. na hAchtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ó 1930 go 2014, na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus an reachtaíocht um chaomhnú an dúlra) á sásamh agus caithfidh cead a bheith faighte ón úinéir chun tabhairt faoi na hoibreacha
- v. Caithfidh tionscadail an mhodheolaíocht agus an cleachtas caomhnaithe is fearr a shásamh

Féach an Mhír 'Coinníollacha Cáilitheacha' thíos, le do thoil, chun teacht ar bhreis sonraí.

**Ní** bheidh an méid seo a leanas incháilithe do chistiú:

- i. Oibreacha nach bhfuil i gcomhréir le modheolaíocht agus cleachtas fóna caomhnaithe agus seandálaíochta
- ii. Tailte nó foirgnimh a cheannach
- iii. Oibreacha a bhaineann le caomhnú, cothabháil, léirmhíniú agus rochtain ar Shéadchomharthaí Náisiúnta faoi úinéireacht nó caomhnóireacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta atá á mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí (mura bhfuil comhaontuithe i bhfeidhm roimh ré)



## Critéir Roghnaithe

Déanfar measúnú ar iarratais incháilithe ar **Shruthanna 1 go 3** lena roghnú faoi na 4 chritéar seo a leanas:

<b>1 Tábhacht</b> an tséadchomhartha seandálaíochta
<b>2 Éifeachtúlacht</b> an deontais maidir le haidhmeanna an Chiste a bhaint amach, conas a chruthódh an tionscadal athléimneacht sa séadchomhartha seandálaíochta lena chur ar a chumas an fód a a sheasamh in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide.
<b>3 Cáilíocht</b> mhodheolaíocht agus fhiúntas teicniúil an tionscadail a bheartaítear
<b>4 Tairbhe</b> an tionscadail don phobal i gcoitinne

**Bainfidh iarratais nach n-éiríonn leo marc cáilitheach a bhaint amach faoi aon cheann de na critéir mheasúnaithe thuas sa mheasúnú, teip amach sa mheasúnú, ar an iomlán, agus ní chuirfear san áireamh iad le haghaidh**

## Cáilíocht na dtionscadal

Caithfidh gairmí/gairmithe caomhnaithe foirgneamh taithíoch(a) (Bainisteoir Tionscadail) - ailtire, suirbhéir foirgneamh nó innealtóir struchtúrach atá taithíoch agus a bhain na cáilíochtaí cuí amach aon oibreacha caomhnaithe a dhearadh, a shonrú agus a mhaoirsiú ar an láthair agus beidh orthu a dheimhniú gur tugadh faoi na hoibreacha i leith caighdeán sásúil. Glacfaidh an Bainisteoir Tionscadail ceannas ar fhoireann chomhordaithe ildisciplíneach, de réir mar is cuí, agus caithfidh seandálaí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach aige/aici a bheith san fhoireann sin.

Nuair nach mbaineann caomhnú nó idirghabháil fhisiciúil leis an tionscadal, cosúil le bonneagar rochtana, is féidir le seandálaí cáilithe oiriúnach a bheith i gceist leis an mBainisteoir Tionscadail.

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur gá **gairmí caomhnaithe foirgneamh a bhain na cáilíochtaí cuí amach** maoirseacht a dhéanamh ar aon oibreacha caomhnaithe a bheartaítear, agus gur gá **Ráiteas Modha cuimsitheach** agus Sceideal na nOibreacha gabháil le **gach** iarratas.

(Féach **an Mhír ‘Nóta Treorach maidir le Ráitis Mhodha agus Sceideal na nOibreacha’**

Ba cheart go dtugtar cuntas gearr ar chineál, méid agus leibhéal na hoiliúna agus na maoirseachta a bheartaítear i dtionscadail ina bhfuil gné oiliúna.

**Mura bhfuil Ráiteas Modha atá cuimsitheach go leor ann, teipfidh ar thionscadal ag céim an mheasúnaithe.**

## Conas Iarratas a Dhéanamh

### Covid-19

Tá an scéim seo á cur ar siúl nuair atá na srianta ar thaisteal agus ar obair ag athrú go minic. Tá súil leis go gceadófar oibreacha a chistítear faoi CSP 2022 i rith na bliana go léir, ach ní féidir é seo a chinntiú. Caithfidh tabhairt faoi na hoibreacha go léir i gcomhlíonadh threoir an Rialtais/FSS maidir le COVID-19. Sa chás go gcuireann an treoir sin nó rialáil eile a dhéanann an Rialtas maidir le COVID-19 cosc ar aon obair leanúint ar aghaidh ar feadh aon tréimhse ama, ba cheart an t-údarás áitiúil a chur ar an eolas, agus ba cheart dóibh, ar a uain sin, an Roinn a chur ar an eolas. Is féidir leis an Roinn aon choigilteas a eascraíonn as na moilleanna siúd a athleithdháileadh ag an Roinn de réir théarmaí an Chiorcláin seo.

### Sruth 1

Cuireann an Sruth seo deontais a mhéid le **€85,000** ar fáil atá dírithe ar dheisiúcháin agus oibreacha caipitil bunriachtanacha a dhéanamh chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú.

1. Ba cheart d'údarás áitiúla a sheolann iarratais ar aghaidh d'oibreacha ar **shéadchomharthaí seandálaíochta faoi úinéireacht phoiblí**, inar léiríodh go bhfuil díriú soiléir ar an oidhreacht agus go gcruthaítear tairbhe don phobal nó do mhuintir an phobail, an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - ✓ Foirm Iarratais CMF/A agus Foirm Bhreithmheasa CMF/B
  - ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon cháipéisíocht eile a theastaíonn a cheangal
  - ✓ Iad a sheoladh chuig an Roinn (ríomhphost [cmf@housing.gov.ie](mailto:cmf@housing.gov.ie)) ag **scor gnó an 1 Márta 2022** nó roimhe sin.

Is féidir le gach Údarás Áitiúil 3 thionscadal sa chatagóir seo a sheoladh ar aghaidh chun go ndéanfar breithniú orthu.

2. **Ba cheart d'iarratasóirí príobháideacha agus/nó grúpaí pobail arb úinéirí nó coimeádaithe séadchomharthaí seandálaíochta iad** an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - ✓ Foirm Iarratais CMF/A a líonadh
  - ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon cháipéisíocht eile a theastaíonn a cheangal
  - ✓ Iad a sheoladh ar aghaidh chuig a nÚdarás Áitiúil roimh **an 15 Feabhra 2022**.

Ba cheart do gach Údarás Áitiúil a mhéid le **2 thionscadal bhailí (má fhaightear iad) sa chatagóir seo a sheoladh** chuig an Roinn (Foirm Bhreithmheasa CMF/B san áireamh) faoi Scor Gnó **an 1 Márta 2022**.

**3.** Ba cheart d'iarratais ar thionscadail a dhíríonn ar an oidhreacht agus a chruthaíonn tairbhe phobail nó phoiblí, agus ar féidir é sin a léiriú go soiléir, a bheartaíonn **eagraíocht atá cistithe ag an Stát** a oibríonn sa limistéar oidhreachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ Foirm Iarratais CMF/A agus Foirm Bhreithmheasa CMF/B
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon cháipéisíocht eile a theastaíonn a cheangal
- ✓ Iad a sheoladh chuig an Roinn (ríomhphost [cmf@housing.gov.ie](mailto:cmf@housing.gov.ie)) ag **scor gnó an 1 Márta 2022** nó roimhe sin.

Is féidir le gach eagraíocht incháilithe atá cistithe ag an Stát **2 thionscadal sa chatagóir seo** a sheoladh ar aghaidh chun go ndéanfar breithniú orthu.

Nóta: i gcásanna eisceachtúla ina ngabhann sonraíocht oibreacha atá costáilte go hiomlán le Plean Bainistíochta Caomhantais atá i bhfeidhm cheana féin, is féidir breithniú a dhéanamh ar iarratais ar Shruth 1 a mhéid le luach €100,000.

## Sruth 2

Cuireann Sruth 2 deontais a mhéid le €30,000 ar fáil chun Pleananna/Tuarascálacha/Measúnuithe Bainistíochta Caomhantais agus Sonraíocht mhionsonraithe Oibreacha a fhorbairt atá dírithe ar bhearta a shainaithint chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú agus a chothabháil.

1. Ba cheart d'Údarás Áitiúla a sheolann iarratais ar aghaidh ar **shéadchomharthaí seandálaíochta faoi úinéireacht phoiblí**, inar léiríodh go bhfuil díriú soiléir ar an oidhreacht agus go gcruthaítear tairbhe don phobal nó do mhuintir an phobail, an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - ✓ Foirm Iarratais CMF/A agus Foirm Bhreithmheasa CMF/B
  - ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach (cuntas ar an bPlean Caomhantais) agus aon cháipéisíocht eile a theastaíonn a cheangal
  - ✓ Iad a sheoladh chuig an Roinn (ríomhphost [cmf@housing.gov.ie](mailto:cmf@housing.gov.ie)) ag **scor gnó an 1 Márta 2022** nó roimhe sin.

Is féidir le gach Údarás Áitiúil 3 thionscadal sa chatagóir seo a sheoladh ar aghaidh chun go ndéanfar breithniú orthu.

2. Ba cheart d'iarratasóirí príobháideacha nó grúpaí pobail arb **úinéirí/coimeádaithe séadchomharthaí seandálaíochta iad** an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ Foirm Iarratais CMF/A a líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach (cuntas ar an bPlean Caomhantais) agus aon cháipéisíocht eile a theastaíonn a cheangal
- ✓ Iad a sheoladh ar aghaidh chuig a nÚdarás Áitiúil roimh an 15 Feabhra 2022.

Ba cheart do gach Údarás Áitiúil **a mhéid le 2 thionscadal bhailí (má fhaightear iad) sa chatagóir seo a sheoladh** chuig an Roinn (Foirm Bhreithmheasa CMF/B san áireamh) faoi Scor Gnó **an 1 Márta 2022**.

3. Ba cheart d'iarratais ar thionscadail a dhíríonn ar an oidhreacht agus a chruthaíonn tairbhe phobail nó phoiblí, agus ar féidir é sin a léiriú go soiléir, a bheartaíonn **eagraíocht atá cistithe ag an Stát** a oibríonn sa limistéar oidhreachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ Foirm Iarratais CMF/A agus Foirm Bhreithmheasa CMF/B
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach (cuntas ar an bPlean Caomhantais) agus aon cháipéisíocht eile a theastaíonn a cheangal
- ✓ Iad a sheoladh chuig an Roinn (ríomhphost [cmf@housing.gov.ie](mailto:cmf@housing.gov.ie)) ag **scor gnó an 1 Márta 2022** nó roimhe sin.

Is féidir le gach eagraíocht incháilithe atá cistithe ag an Stát **2 thionscadal sa chatagóir seo** a sheoladh ar aghaidh chun go ndéanfar breithniú orthu.

### Sruth 3

Cuireann **Sruth 3** deontais a mhéid le **€30,000** ar fáil chun barr feabhais a chur ar bhonneagar rochtana agus ar léirtheiscint ag séadchomharthaí seandálaíochta.

**1. Ba cheart d'údaráis áitiúla a sheolann iarratais ar aghaidh d'oibreacha ar shéadchomharthaí seandálaíochta faoi úinéireacht phoiblí**, inar léiríodh go bhfuil díriú soiléir ar an oidhreacht agus go gcruthaítear tairbhe don phobal nó do mhuintir an phobail, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ Foirm Iarratais CMF/A agus Foirm Bhreithmheasa CMF/B
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon cháipéisíocht eile a theastaíonn a cheangal
- ✓ Iad a sheoladh chuig an Roinn (ríomhphost [cmf@housing.gov.ie](mailto:cmf@housing.gov.ie)) ag **scor gnó an 1 Márta 2022** nó roimhe sin.

Is féidir le gach Údarás Áitiúil 3 thionscadal sa chatagóir seo a sheoladh ar aghaidh chun go ndéanfar breithniú orthu.

**2. Ba cheart d'iarratasóirí príobháideacha nó grúpaí pobail arb úinéirí/coimeádaithe séadchomharthaí seandálaíochta iad** an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ Foirm Iarratais CMF/Foirm A a líonadh
- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon cháipéisíocht eile a theastaíonn a cheangal
- ✓ Iad a sheoladh ar aghaidh chuig a nÚdarás Áitiúil roimh **an 15 Feabhra 2022**.

Ba cheart do gach Údarás Áitiúil a mhéid le **2 thionscadal bhailí (má fhaightear iad) sa chatagóir seo a sheoladh** chuig an Roinn (Foirm Bhreithmheasa CMF/B san áireamh) faoi Scor Gnó **an 1 Márta 2022**.

**3. Ba cheart d'iarratais ar thionscadail a dhíríonn ar an oidhreacht agus a chruthaíonn tairbhe phobail nó phoiblí**, agus ar féidir é sin a léiriú go soiléir, a bheartaíonn **eagraíocht atá cistithe ag an Stát** a oibríonn sa limistéar oidhreachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ✓ Foirm Iarratais CMF/A agus Foirm Bhreithmheasa CMF/B a líonadh

- ✓ Ráiteas Modha cuimsitheach agus aon cháipéisíocht eile a theastaíonn a cheangal
- ✓ Iad a sheoladh chuig an Roinn (ríomhphost [cmf@housing.gov.ie](mailto:cmf@housing.gov.ie)) ag **scor gnó an 1 Márta 2022** nó roimhe sin.

Is féidir le gach eagraíocht incháilithe atá cistithe ag an Stát **2 thionscadal sa chatagóir seo** a sheoladh ar aghaidh chun go ndéanfar breithniú orthu.

## Iarratais a sheoladh ar aghaidh

Ba cheart iarratais a shásaíonn na critéir a sheoladh chuig an Údarás Áitiúil (nó go díreach chuig an Roinn i gcás eagraíochta atá cistithe ag an Stát) go ndéanfar breithniú orthu faoin spriocdháta.

Seiceáil an méid seo a leanas, ach go háirithe –

- Ní sháraíonn méid an chistithe a iarrtar an deontas uasta atá ar fáil.
- Dearbhaíodh sonraí faoin gcistiú eile ón státchiste.
- Caithfear ríomhphost ar leith a sheoladh ar aghaidh maidir le gach tionscadal a chinntíonn go bhfuil an t-ábhar ábhartha go léir don iarratas sin san áireamh. Níor cheart don ríomhphost a bheith níos mó ná 15MB. Ní dhéanfar breithniú le haghaidh cistiú ar chodanna d'iarratas ná ar iarratais neamhiomlána, ná ar iarratais iolracha sa ríomhphost céanna.
- Ba cheart '**CSP 2022**' a bheith scríofa i **líne ábhair an ríomhphoist** agus ba cheart go gcuirfí ainm an Údaráis Áitiúil/na hEagraíochta atá Cistithe ag an Stát san áireamh.

**NÓTA: Ní ghlacfar le hiarratais ach ar ríomhphost amháin a sheoltar chuig [cmf@housing.gov.ie](mailto:cmf@housing.gov.ie).  
(ba cheart go seolfar ríomhphost chugat go huathoibríoch ina n-aithnítear go bhfuarthas do ríomhphost - mura seoltar, déan teagmháil linn, le do thoil)**

## Aisíocaíocht an Chistithe

Caithfidh an tÚdarás Áitiúil/an eagraíocht atá cistithe ag an Stát oibreacha a chríochnú agus a dheimhniú sular féidir aon chistiú deontais a lorg ón Roinn.

Tá an tÚdarás Áitiúil (nó an eagraíocht atá cistithe ag an Stát) freagrach as na deontais a íoc le húinéirí/áititheoirí tionscadail fhaofa CSP sula lorgáítear aisíocaíocht ón Roinn.

Is riachtanas é go gcuirfidh an gairmí caomhnaithe a ainm le haon oibreacha caomhnaithe nuair a chríochnaítear iad gur tugadh faoi na hoibreacha ar aon dul le dea-chleachtas caomhnaithe.

Nuair nach dtugtar faoi oibreacha i gcomhréir le téarmaí na scéime, go háirithe nuair a thagann athrú ar scóip na n-oibreacha agus nach gcloíonn na hoibreacha nua leis na caighdeáin riachtanacha dea-chleachtais chaomhnaithe agus seandálaíochta, níl oibleagáid ar bith ar an Roinn an deontas a bhronnadh, mar gheall gurb ionann seo agus sárú ábhartha ar théarmaí thairiscint an deontais.

A luaithe a rinneadh íocaíocht le hiarratasóir, caithfidh an tÚdarás Áitiúil/an eagraíocht atá cistithe ag an Stát Foirm Aisíocaíochta CMF/C a líonadh faoin 18 Samhain 2022 chun an deontas a fhorchúiteamh ón Roinn.

Caithfidh ball foirne gairmiúil Foirm Aisíocaíochta CMF/C a shíniú atá iniúil chun tabhairt faoin bhfeidhm seo chun maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal agus caithfidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó an Stiúrthóir Seirbhísí é a chomhshíniú.

Caithfidh cruthúnas íocaíochta gabháil le Foirm Aisíocaíochta CMF/C, e.g. asphrionta ar a léirítear ainm an iarratasóra, an méid a íocadh agus dáta na híocaíochta agus áiseanna amhairc cosúil le grianghraif nó gearrthóga físe, lena cheadú don Roinn comparáid a dhéanamh idir na híomhánna ‘roimh ré’ agus ‘i ndiaidh’ de na hoibreacha a críochnaíodh.

Caithfidh Uimhir Thagartha uathúil CSP an Tionscadail a bheith scríofa ar gach sonrasc a sheoltar ar aghaidh, faoi mar a shann an Roinn do gach tionscadal nuair a bronnadh iad.

Caithfear ríomhphost ar leith a sheoladh ar aghaidh maidir le gach éileamh ar aisíocaíocht, a chinntíonn go bhfuil an t-ábhar ábhartha go léir san áireamh in aon ríomhphost amháin.

Caithfidh an gairmí oidhreachta a shainaithnítear ar an mbunfoirm iarratais Foirm Aisíocaíochta CMF/C a shíniú, a dheimhneoidh go ndearnadh maoirseacht ar na hoibreacha agus gur tugadh fúthu i gcomhréir le téarmaí bronnta an deontais agus i leith an chaighdeáin chuí i dtaobh cleachtas caomhnaithe/oidhreachta.



Ní féidir cistiú a éileamh i ndiaidh an spriocdháta.

**Baineann na prionsabail thuas le haon eagraíocht incháilithe atá cistithe ag an Stát ar féidir cistiú a bhronnadh orthu.**

## **Tionscadal a Thuairisciú**

Déanfar na hoibreacha a dhéanfar a chur i gcuntas i rith an tionscadail agus nuair a chríochnófar é.

Ba cheart don Bhainisteoir Tionscadail tuarascáil deiridh (taifead iomlán ar líníochtaí, grianghraif anótáilte, sonraíochtaí, faoi mar is gá) a sheoladh ar aghaidh chuig Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta thar ceann an iarratasóra ina léirítear go soiléir cineál agus méid na hidirghabhála agus aschur an tionscadail. Tá an tuarascáil seo ar leith agus sa mhullach ar aon tuarascáil tochailte a theastaíonn mar chuid d'aon choinníollacha ceadúnaithe nó toilithe.

Deimhneofar sa tuairisc gur tugadh faoi na hoibreacha i gcomhréir leis an Ráiteas Modha faofa agus áirítear leo taifead mionsonraithe ar aon chuid den séadchomhartha a nochtadh le déanaí nó a baineadh i rith aon oibreacha caomhnaithe nó i rith aon idirghabhála eile.

Ar mhaithe le haisíocaíocht a éileamh, caithfear achoimre ar an tionscadal a chur san áireamh freisin laistigh d'Fhoirm Aisíocaíochta CMF/C.

## Coinníollacha Cáilitheacha

### Prionsabail Seandálaíochta

Ba cheart do thionscadail cloí le dea-chleachtas maidir le caomhnú, cosaint agus caomhantais na hoidhreacht seandálaíochta.

Caithfear aird iomlán a thabhairt ag gach tráth ar an méid seo a leanas:

- Acmhainn nach féidir é a athnuachan í oidhreacht seandálaíochta;
- Caithfidh gurb é an chéad rogha i ngach cúinse imscrúdú agus staidéar neamh-mhillteach;
- Ba cheart go ndéantar talamh slán de i gcónaí go seachnófar tionchair forbartha a imirt ar an oidhreacht seandálaíochta.

Tá baint lárnach ag Measúnú Seandálaíochta chun tuiscint a fháil ar oidhreacht seandálaíochta an tséadchomhartha nó an struchtúir agus chun tionchair fhéideartha ar an oidhreacht sin a shainaithint.

Caithfidh oibreacha ag, maidir le, nó i ngar do, séadchomharthaí agus áiteanna a chosnaítear faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014 aird iomlán a thabhairt ar na prionsabail ghinearálta chun an oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus a bhainistiú, faoi mar a leagtar amach sa cháipéis bheartais **Creat agus Prionsabail maidir leis an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint** (Rialtas na hÉireann, 1999: [framework-and-principles-for-protection-of-archaeological-heritage.pdf](http://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/framework-and-principles-for-protection-of-archaeological-heritage.pdf) ([archaeology.ie](http://www.archaeology.ie)) agus aird iomlán a thabhairt ar na beartais agus na treoirlínte ábhartha go léir a d'fhoilsigh Seirbhís na Séadchomharthaí

Náisiúnta. <https://www.archaeology.ie/sites/default/files/media/publications/framework-and-principles-for-protection-of-archaeological-heritage.pdf>

### Prionsabail Chaomhnaithe Ailtireachta

Ba cheart go mbeadh na hoibreacha cáilitheacha go léir a dhéantar faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail i gcomhréir leis na caighdeáin dea-chleachtais, faoi mar a dtugtar cuntas air in **Cosaint Oidhreacht Ailtireachta - Treoirlínte d'Údaráis Pleanála (2011)**

#### [HIPEARNASC CEART](#)

agus ar imleabhair ábhartha **Sraith Comhairle** na Roinne:

<https://www.buildingsofireland.ie/resources/>

go háirithe 'Fothracha – Fothracha Saoirseachta a Chaomhnú agus a Dheisiú' ('Ruins – the conservation and repair of masonry ruins')

## Nóta Treorach maidir le Pleananna Bainistíochta Caomhantais

### Cad é Plean Bainistíochta Caomhantais?

Cáipéis é Plean Bainistíochta Caomhantais (PBC) ina mínítear an fáth go bhfuil séadchomhartha nó áit tábhachtach. Tugtar cuntas ann ar conas a chothófar nó a chuirfear leis an tábhacht sin nuair a bheartaítear aon athrú nó obair a dhéanamh, deisiú agus caomhnú san áireamh. Caithfear an séadchomhartha nó an áit a thuiscint i dtosach agus measúnú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar an bhfáth go bhfuil sé tábhachtach agus na saincheisteanna agus an leochaileacht ar leith a bhaineann leis. Déantar beartas agus gníomhartha a fhorbairt atá dírithe ar a thábhacht a choimeád agus cuirtear deireadh leis le plean atá le cur i bhfeidhm agus ina mínítear conas a dhéanfar an séadchomhartha nó an áit a bhainistiú amach anseo. Leagtar amach ann clár oibre ann ag a bhfuil gníomhartha le haghaidh chaomhnú, chothabháil, bhainistiú, rochtain agus úsáid an tséadchomhartha nó na háite agus saincheisteanna eile a bhaineann leo. Is gnách go maireann an clár cúig bliana agus nach faide ná deich mbliana.

Teastaíonn sonraíocht ar leith mhionsonraithe chostáilte d'oibreacha. Is féidir an tsonraíocht agus an PBC a athbhreithniú ag eatrainmh, más gá.

### Cad is fiú Plean Bainistíochta Caomhantais a bheith ann?

“Places of cultural significance enrich people’s lives, often providing a deep and inspirational sense of connection to community and landscape, to the past and lived experiences” (Burra Charter 2013).

Is tábhachtach go gcosnaítear agus go gcaomhnaítear an oidhreacht seandálaíochta don ghlúin reatha agus don ghlúin amach anseo. Uirlis bhunriachtanach iad Pleananna Bainistíochta Caomhantais sa phróiseas Caomhnaithe. Ba cheart go gcloífeadh aon oibreacha caomhnaithe a dtugtar fúthu faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail le dea-chleachtas agus nósanna imeachta faoi mar a leagtar amach i gcairteacha caomhnaithe idirnáisiúnta. (féach ICOMOS The Burra Charter: The Australia ICOMOS Charter for places of Cultural Significance 2013 <https://australia.icomos.org/publications/burra-charter-practice-notes/>)

Ba cheart go mbeadh fíis fhadtéarmach in PBC inar féidir séadchomhartha a léirithiú bunaithe ar an bhfianaise go léir atá ar fáil, ina bhfuil fíis shoiléir ann don mhéid a bheartaítear a dhéanamh amach anseo agus inar féidir oibreacha a eagrú agus a chostáil leis an bhfíis sin a bhaint amach ar bhealach struchtúrach.

## **Cé is ceart a chur san áireamh san fhoireann idirdhisciplíneach?**

Ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir ag an bpróiseas PBC dearcadh iomlánaíoch i leith na hoidhreachta a sholáthar atá idirdhisciplíneach i dtaobh cineáil de. Tá ról le glacadh ag gach duine a bhfuil leas nó ceangal acu leis an séadchomhartha nó an áit.

Caithfidh seandálaí a bheith i measc bhaill foirne an tionscadail i dtionscadal Chiste na Séadchomharthaí Pobail. D'fhéadfadh na daoine seo a leanas a bheith san fhoireann freisin, faoi mar is cuí (ach ní gá go mbíonn sé teoranta dóibh): ailtire caomhantais; seandálaí, éiceolaí; innealtóir struchtúr; conraitheoirí oidhreachta; suirbhéirí cainníochta; úinéirí agus ionadaithe den phobal áitiúil. Is tábhachtach go n-idirghníomhaíonn an fhoireann leis an bpróiseas a chur ar an eolas agus an t-eolas atá acu ar an tionscadal a roinnt de réir mar a dhéanann sé dul chun cinn. Ba cheart go gcinnteodh an t-idirghníomhú seo go ndéanann gairmí a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach acu agus atá taithíoch breithniú ar gach gné den oidhrecht. Más foirgneamh struchtúrach é an séadchomhartha, ba cheart gur ghairmí cláraithe foirgníochta é an bainisteoir tionscadail, cosúil le hailtire, innealtóir struchtúr nó suirbhéir foirgnimh ag a bhfuil le saineolas agus taithí ar oibriú le foirgnimh oidhreachta. Ba cheart go mbeadh na baill foirne go léir inniúil, oilte agus taithíoch, faoi mar is cuí, ar a ról sa tionscadal a bheartaítear.

## **Cad is ceart a chur san áireamh in PBC?**

Caithfear an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh sa PBC:

- Ainmneacha agus sonraí teagmhála fhoireann agus cheannasaí an tionscadail
- Úinéireacht an tséadchomhartha: Ar mhaithe leis an CSP, is féidir leis an séadchomhartha a bheith faoi úinéireacht údaráis áitiúil nó phríobháideach, nó faoi úinéireacht eagraíocht oidhreachta eile. Cuireann úinéireacht eolas ar fáil do na saghsanna ceadanna a d'fhéadfadh bheith ag teastáil do na hoibreacha caomhnaithe amach anseo (féach an nóta thíos).
- Cosaint reachtúil an tséadchomhartha. D'fhéadfaí a áireamh leo seo:
  - Séadchomharthaí agus áit atá á gcosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2004;

- Struchtúr faoi chosaint, agus struchtúr faoi chosaint a bheartaítear, laistigh de bhrí an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.
  - Láithreán caomhantais dúlra faoi chosaint;
  - Speiceas cosanta flóra agus fána agus a bpríomhghnáthóga.
- Breithniú ar ainmniúcháin eile. Is féidir leis an séadchomhartha a bheith suite sna limistéir seo a leanas, ina theannta sin:
    - Limistéar caomhantais ailtireachta laistigh de bhrí an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú;
  - An mhodheolaíocht a úsáidtear agus an PBC á chur le chéile
  - Cur síos ar an séadchomhartha agus a shuíomh
  - Cur síos ar shócmhainní oidhreachta gaolmhara, cosúil leis an ngeolaíocht, an éiceolaíocht agus an fiadhúlra
  - Achoimre ar stair agus seandálaíocht an tséadchomhartha
  - Cur síos ar na hiarsmaí slána (léarscáileanna, grianghraif, agus líníochtaí, sa chás gur cuí, san áireamh)
  - Measúnú agus ráiteas ar an tábhacht (Cén fáth go bhfuil an séadchomhartha tábhachtach?) trí úsáid a bhaint as critéir bhunaithe oidhreachta: critéir ailtireachta, stairiúla, sheandálaíochta, ealaíonta, chultúrtha, eolaíochta, theicniúla agus shóisialta
  - Liosta na saincheisteanna reatha bainistíochta
  - Liosta na mbeartas bainistíochta amach anseo
  - Liosta na ngníomhartha (plean gníomhaíochta) chun an séadchomhartha a chaomhnú i gcaitheamh shaolré an PBC

Teastaíonn **Sonraíocht Oibreacha chostáilte ar leith** do gach séasúr oibre a bheartaítear (tá obair 1 bhliain le seoladh ar aghaidh gach bliain le haghaidh cistiú) bunaithe ar na gníomhartha faoi mar a leagtar amach sa PBC.

## Nóta Treorach maidir le Ráitis Mhodha agus Sceideal na nOibreacha

Ba cheart go gcloífeadh aon oibreacha caomhnaithe a dtugtar fúthu faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail le dea-chleachtas agus nósanna imeachta faoi mar a leagtar amach i gcairteacha caomhnaithe idirnáisiúnta. Níor cheart go mbainfí de shaintréithe agus de nithe is díol spéise ar leith an tséadchomhartha agus ba cheart idirghabháil a íoslaghdú.

Ba cheart go mbeadh oibreacha caomhnaithe bunaithe ar thuiscint cheart a bheith ar an séadchomhartha seandálaíochta ina bhfuil ionchur ó fhoireann idirdhisciplíneach tionscadail a bhfuil saineolas agus taithí acu de bheith ag oibriú le struchtúir agus láithreáin stairiúla.

Ba cheart go n-úsáidfí ábhair thógála, scileanna agus teicnící traidisiúnta in oibreacha a dhéantar ar chreatlach an tséadchomhartha. Níor cheart ach oibrithe oilte agus inniúla tógála a bhfuil an taithí ábhartha acu d'oibriú le struchtúir stairiúla, agus faoin maoirseacht chuí, a fhostú chun tabhairt faoi na hoibreacha.

Ba cheart iarraidh ar an gconraitheoir a cheaptar a léiriú go bhfuil taithí acu ar oibriú ar struchtúir stairiúla atá ar a mhacasamhail de scála agus de chastacht leis an tionscadal atá idir lámha.

Ba cheart an idirghabháil go léir a chur i dtaifead de réir mar a dhéanann na hoibreacha dul chun cinn i bhfoirm grianghrafadóireachta agus scríofa araon. B'fhéidir go mbeidh líníochtaí ag teastáil i gcásanna áirithe. Ar chríochnú na n-oibreacha, ba cheart tuarascáil de na hoibreacha a thit amach a chur le chéile, láthair agus cineál na hidirghabhála, sonraíochtaí d'aon ábhar nua a úsáideadh ar an struchtúr agus aon cheisteanna ábhartha eile san áireamh. De réir dea-chleachtas caomhnaithe, ba cheart straitéis a fhorbairt maidir le cothabháil a dhéanamh tar éis gur críochnaíodh na hoibreacha.

### Ráitis Mhodha

Ba cheart cur síos a dhéanamh sa Ráiteas Modha ar an mbail atá ar an séadchomhartha, agus sonraí a thabhairt faoi na hoibreacha/an tionscadal a bheartaítear agus conas a thabharfar fúthu. Ní gá don cháipéis seo a bheith níos faide ná mar is gá ach caithfidh sé a bheith **oiriúnach do chineál agus scála an tionscadail/na n-oibreacha a bheartaítear**.

Nuair a bhíonn oibreacha caomhnaithe nó idirghabháil fhisiciúil eile i gceist leis an tionscadal (e.g. bonneagar rochtana, comharthaíocht léirmhínithe), tá Ráiteas Modha agus Sceideal na nOibreacha le seoladh ar aghaidh leis an iarratas.

**Ba cheart** go n-áireofaí leis an Ráiteas Modha:

**a) Cur Síos gonta ar an Séadchomhartha**

Ba cheart go ndéanfaí cur síos ar an séadchomhartha sa mhír seo faoi mar atá sé faoi láthair, ina mbreactar síos a ghnéithe suntasacha go léir agus a theacht chun cinn stairiúil, an chuma atá air, a shuíomh, a fhoirm, an fheidhm a bhaintear as faoi láthair (má bhaintear feidhm ar bith as) agus na hábhair a bhfuil sé déanta díobh. Tá stair ghearr ailtireachta /sheandálaíochta, a d'ullmhaigh seandálaí an tionscadail, agus ráiteas tábhachta le cur san áireamh freisin.

**b) Grianghraif**

Tá grianghraif ábhartha den séadchomhartha le cur ar fáil.

**c) Cur Síos ar na hOibreacha/an Tionscadal a Bheartaítear**

Tá cur síos iomlán ar na hoibreacha a bheartaítear le cur san áireamh sa mhír seo, agus tá an t-ord ina ndéanfar iad le leagan amach. Ba cheart a cur síos a dhéanamh ar conas a thabharfar faoi gach idirghabháil agus ba cheart a chur san áireamh - nuair atá siad ar fáil - na pleananna ábhartha, líníochtaí agus na meáin amhairc ábhartha lena dtacaíonn, ar nós gearrthóga físe, grianghraf nó léaráidí eile.

Táthar le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo a leanas:

- a) Cineál agus méid na n-oibreacha caomhnaithe a theastaíonn ag an séadchomhartha. Is féidir é seo a roinnt ina chéimeanna.
- b) Cuspóir na n-oibreacha seo.
- c) Cibé acu an oibreacha sealadacha nó buana iad.
- d) Cén ábhair ionaid (más ann dóibh) a chuimseofar agus cén fáth gur gá iad a ionadú nó gur gá ábhair nua a thabhairt isteach?
- e) Sonraí faoi bhainistíocht, maoirseacht agus monatóireacht ar an láthair;
- f) Miondealú soiléir ar c(h)ostais m(h)eastá an tionscadail isteach i gcéimeanna chun bunspríocanna inghnóthaithe na na hoibreacha/an tionscadail a bheartaítear a léiriú (de réir Fhoirm Iarratais CMF/A);
- g) Liosta Fhoireann an Tionscadail ina sonraítear na cáilíochtaí agus an ról (de réir Fhoirm Iarratais CMF/A);

#### **d) Ráiteas Tionchair Seandálaíochta agus Bearta Maolaithe a Bheartaítear (más infheidhme)**

Ba cheart cuntas a thabhairt ar aon tionchar is dóchúil a imreoidh oibreacha caomhnaithe agus deisiúcháin (sealadach agus buan) ar an séadchomhartha nó idirghabháil fhisiciúil eile a bheartaítear (e.g. comharthaíocht léirmhínte agus rochtain) agus ba cheart bealaí chun tionchair a mhaolú a chur san áireamh.

Is féidir a áireamh le maolú réamhoibreacha seandálaíochta i rith oibreacha, clocha cinn etc., a chuireann an bealach rochtana is fearr in iúl lena sheachaint tionchar a imirt ar sheandálaíocht, monatóireacht, tochailt tástála seandálaíochta nó tochailt seandálaíochta a dhéanamh.

Sa chás gurb iomchuí, ba cheart do sheandálaí ceaptha an tionscadail oibriú go dlúth leis an ngairmí caomhnaithe foirgneamh chun an séadchomhartha seandálaíochta a léirmhíniú agus a thuiscint sula sonrú na hoibreacha agus ba cheart dóibh leanúint le comhairle a chur ar fáil ar an tionscadal ar feadh fhad an tionscadail mar phríomhbhall den fhoireann idirdhisciplíneach.

Féadtar a áireamh le maolú eile, uainiú agus modheolaíocht (i.e. deisiúcháin atá uainithe lena sheachaint cur isteach ar choilíneachtaí ialtóg nó oibreacha rindreála atá uainithe chun ligean do mhoirtéal aoil éirí crua), inaisathraitheacht, ábhair a roghnú go cúramach, etc.

#### **e) Ábhar Forlíontach**

Aon ábhar a imríonn tionchar díreach ar iarratas (i.e. tuarascálacha seandálaíochta, taighde teicniúil, líníochtaí anailíseacha agus tríthoiseacha, taighde mionsonraithe stairiúil, etc.).

#### **f) Ráiteas ar Thairbhí Luacha Phoiblí**

Tá súil leis gur cheart go mbeadh moltaí faoi aon Sruth nó ó aon iarratasóir in ann a léiriú go gcruthaíonn siad tairbhe áirithe shoiléir luacha phoiblí. D'fhéadfaí a áireamh leis seo rochtain, bíodh sin fhisiciúil nó fíorga, nó eolas a sholáthar don phobal i bhfoirm éigin.

#### **Sceideal na nOibreacha**

Tá Sceideal na nOibreacha le seoladh ar aghaidh freisin leis an iarratas. Tá sraith mhiondealaithe oibreacha, liosta iomlán san áireamh den idirghabháil go léir a bheartaítear, le bheith i gceist leis seo, don chéim den tionscadal caomhnaithe dá lorgaítear cistiú.



## Téarmaí agus Coinníollacha

Bainfidh na téarmaí agus coinníollacha seo a leanas le gach tionscadal.

### Scéim a Fhógairt

Fógróidh gach Údarás Áitiúil Ciste na Séadchomharthaí Pobail ar a láithreán gréasáin agus ar a n-ardáin mheán sóisialta laistigh de sheachtain amháin i ndiaidh gur chuir an Roinn ar an eolas é ar an Scéim.

### Deontas a Tharraingt Anuas

Caithfidh tionscadail a bheith críochnaithe agus caithfear cistí a tharraingt anuas mar seo a leanas

a. Sruth 1-3: An 18 Samhain 2022 nó roimhe sin.

Is é an réamhshocrú ná gur cheart deontais a íoc ar bhunús caiteachas deimhnithe. Tá ar dheontaithe a dhéanann éilimh ar chistiú deontais ar bhunús caiteachas deimhnithe an méid seo a leanas a dheimhniú:

- i. Baineann na sonraisc a úsáideadh chun tacú lena n-éilimh le gníomhaíochtaí agus seirbhísí a bhaineann leis an obair nó an tseirbhís ar ceadaíodh deontas dóibh, agus leis sin amháin,
- ii. Íocadh na suimeanna go hiomlán a rinneadh a shonrascadh,
- iii. Níor úsáideadh agus ní úsáidfear na sonraisc ná na híocaíochtaí gaolmhara chun tacú le héileamh eile ar aisíocaíocht ó aon mhaoinitheoir(i) eile (seachas faoi mar a fhoráiltear i socruithe comhchistithe a comhaontaíodh).

### Maoirseacht

Coinníoll den chistiú nach mór do ghairmí caomhnaithe foirgneamh a bhain na cáilíochtaí cuí amach, lena dtacaíonn seandálaí cáilithe a fhostaítear mar chuid d'fhoireann idirdhisciplíneach, maoirseacht a dhéanamh ar aon oibreacha caomhnaithe.

### Grianghrafadóireacht

Sa chás gurb íomchuí, caithfear grianghraif dhigiteacha ar chaighdeán maith den tionscadal sula gcuirfear tús leis na hoibreacha a chur san áireamh sa Tuarascáil nuair a chríochnófar na hoibreacha, anuas ar grianghraif de na hoibreacha a críochnaíodh. Is féidir iad seo a úsáid níos déanaí chun comparáid 'roimh agus i ndiaidh' a dhéanamh ar mhaithe le cuspóirí tuairiscithe.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an ceart ar cosaint ag an Roinn aon íomhá nó na híomhánna go léir a úsáid a sholáthraíonn an t-iarratasóir nó an Údarás Áitiúil chun an Ciste a fhógairt nó a phoibliú. Moltar d'iarratasóirí agus údaráis áitiúla chun an cead riachtanach go léir a fháil chun íomhánna a úsáid sula gcuireann siad faoi bhráid na Roinne iad.

## Ráiteas Modha

Caithfear **Ráiteas Modha** cuimsitheach a sheoladh ar aghaidh do gach iarratas (féach an **Mhír 'Nóta Treorach maidir le Ráitis Mhodha agus Sceideal na nOibreacha'** chun teacht ar threoir bhreise ar Ráitis Mhodha).

## Caiteachas Incháilithe

Ní cheadaítear **Cáin Bhreisluacha (CBL)** faoin scéim seo ach amháin do na hoibreacha atá á gcistiú agus nuair nach bhfuil an CBL sin inghnóthaithe faoin scéim seo ar aon bhealach eile.

## Cigireacht

Caithfidh an tOifigeach Oidhreachta agus/nó an tOifigeach Caomhnaithe Ailtireachta (an OCA) agus/nó Seandálaí an Údaráis Áitiúil nó duine eile a cheap an Príomhfheidhmeannach don chuspóir seo, nó eagraíocht atá cistithe ag an Stát, tabhairt faoi chigireachtaí mionsonraithe ar an séadchomhartha, sula dtosaítear agus i ndiaidh go gcríochnaítear na hoibreacha.

Beidh ar iarratasóirí/úinéirí agus a ngníomhairí aon socrúithe a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun rochtain a sholáthar ar aon chuid den struchtúr nó na hoibreacha.

## Cistiú a Athleithdháileadh

Is féidir leis an Roinn aon deontas a athleithdháileadh a cheadaíodh faoin gCiste ar thionscadail eile a shásaíonn na critéir cháilitheacha nuair a tháinig géarghá chun solais i gcás eile.

## Riachtanais Chánach

Caithfidh an t-iarratasóir agus aon chonraitheoirí a bheith comhlíontach i dtaobh cánach. Caithfear cloí leis na nósanna imeachta ábhartha imréitigh cánach maidir le híocaíochtaí deontais na hearnála poiblí a leag na Coimisinéirí Ioncaim síos. Féach, le do thoil, [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) chun teacht ar bhreis sonraí. Ar aon dul le Alt 4(1) de Chiorclán 44/2006 na Roinne Airgeadais: **Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach:**

**Deontais, Fóirdheontais agus Cineálacha Cosúla Íocaíochtaí**, beidh ar gach ÚÁ a chinntiú go bhfuil iarratasóirí, conraitheoirí agus fochonraitheoirí, ag cloí leis na nósanna imeachta cearta imréitigh cánach, agus ar aon dul le nósanna imeachta rialaithe airgeadais an ÚÁ féin.

Ba cheart d'úinéirí a fuair cinntiúchán faoi **Alt 482** den **Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997** (arna leasú), (Alt 19 den **Acht Airgeadais, 1982** roimhe seo) agus/nó sa chás go bhfuair an t-úinéir/áititheoir faoiseamh cánach faoin **Scéim um Fheabhsúcháin Tí** nó faoi **Thionscnamh na Cathrach Beo**, ba cheart dóibh na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas ar aon chistiú a fhaightear tríd an scéim seo.

## Soláthar

Caithfidh tionscadail a bhfuil cúnamh deontais á fháil acu Treoirínte maidir le Soláthar Poiblí a shásamh: <http://www.procurement.ie/>

## Ciorclán 13/2014 an RCPA

Meabhraítear do dheontaithe na freagrachtaí atá orthu faoin gCód Caiteachais Phoiblí, ar féidir teacht air ag <https://www.gov.ie/en/publication/public-spending-code/> agus beidh orthu cloí le Ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - Bainistíocht agus Cuntasacht as Deontais ó Chistí an Stáitchiste <http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf>

## Cigireacht

Ba cheart do dheontóirí a chinntiú go gcuirtear an deontáil ar an eolas ar an méid seo a leanas:

- i. Tá oibleagáid orthu leabhair agus cuntais a chur ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, sa chás go mbíonn 50 faoin gcéad nó níos mó dá n-ioncam iomlán foinsithe ó Chistí an Stáitchiste.
- ii. Tá an ceart ag deontóirí cigireacht a dhéanamh ar thaifid an deontáil.

## Fógraí ar Chur i mBaol

Sa chás go bhfuil an séadchomhartha seandálaíochta faoi úinéireacht Údaráis Áitiúil nó eagraíocht oidhreachta atá cistithe ag an Stát, nó sa chás go bhfuil cúnamh airgeadais á sholáthar ag Údarás Áitiúil nó eagraíocht atá cistithe ag an Stát d'oibreacha ar struchtúr atá i mbaol faoi Alt 59, 69 agus/nó 70 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), is féidir le hoifigeach ainmnithe an Údaráis Áitiúil sin an t-iarratas a dhéanamh.

## Ábhar Forlíontach

Ba cheart ábhar forlíontach leis an bhfoirm iarratais a sheoladh ar aghaidh mar chuid den Ráiteas Modha má imríonn sé tionchar díreach ar iarratas.

## Slánaíocht

Ní ghlacann an Roinn le haon dliteanas a eascraíonn as aon oibreacha a thoilítear dóibh nó a cheadaítear faoi CSP 2022 agus slánófar í mar choinníoll den cheadú.

## Ceanglais Reachtúla

Caithfidh na hoibreacha a gceadaítear deontas a bhronnadh orthu na ceanglais reachtúla go léir a chomhlíonadh, cead pleanála ina measc. Sa chás go mbeartaítear oibreacha a dhéanamh ar láithreáin/shéadchomharthaí seandálaíochta atá á gcosaint faoi **Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2004**, caithfeadh na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh chun fógra a thabhairt nó chun Toiliú ón Aire a fháil faoi na hAchtanna siúd.

Tá an dualgas ar an iarratasóir chun gach ceanglas reachtúil eile ábhartha a chomhlíonadh, ar nós na nAchtanna um Fhiadhúlra, ceadúnais urthrá (más infheidhme), na reachtaíochta Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa, agus na reachtaíochta comhshaoil agus fostaíochta.

Cuirtear an méid seo ar a leanas ar aird an údaráis áitiúil: **(An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta 2012) Speicis Ainmhithe a Dhianchosaint: Treoir d'údaráis áitiúla ar Airteagail 12 agus 16 den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE a chur i bhfeidhm ar fhorbairt/oibreacha a dhéantar ag thar ceann údarás áitiúil.** Tá an foilseachán **Treoirlínte d'Éirinn maidir le Maolú Ialtóg** (2006) ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag:

<https://www.npws.ie/publications/search?title=bat+mitigation&keyword=&author=&series=All&year=&x=0&y=0>

Is féidir a cheangal ar iarratasóir cóipeanna a sheoladh ar aghaidh den chead, dearbhú, fógairt nó toiliú ábhartha go léir nuair a dhéantar éileamh ar dheontas.

## Aistriú Úinéireachta

Má dhíoltar an réadmhaoin ar a mbronntar cúnamh deontais cistiú, nó má aistrítear an úinéireacht laistigh de thréimhse 5 bliana ón dáta a íoctar an deontas, b'fhéidir go ndéanfar roinnt den chistiú a bronnadh, nó an cistiú go léir a bronnadh, a aisghlámadh. Sa chás go n-aistrítear úinéireacht sula ndéantar deontas a íoc, féadfaidh an tÚdarás Áitiúil nó an eagraíocht atá cistithe ag an Stát socruithe a dhéanamh chun an deontas a aistriú chuig úinéir nua na réadmhaoine a fhad agus a shásaíonn sé/sí na coinníollacha go léir a bhaineann leis an deontas.

## Deimhniú Úinéireachta

I gcás iarratas a fhaightear ó úinéirí talún príobháidí nó grúpaí pobail, caithfidh an tÚdarás Áitiúil tabhairt faoi sheiceáil bailíochtaithe tríd an Údarás Clárúcháin Maoine (ÚCMÉ). Tá an oibleagáid ar an Údarás Áitiúil (nó an eagraíocht atá cistithe ag an Stát) sonraí a dheimhniú. Nuair a bhíonn amhras ar bith faoi úinéireacht, caithfear seo a thabhairt chun solais san iarratas.

## Tuarascáil Bhliantúil agus Poiblíocht

Ba cheart do gach Údarás Áitiúil (nó eagraíocht atá cistithe ag an Stát) eolas a chur san áireamh ar an oibriú a dhéanann siad ar an gciste ina dTuarascáil Bhliantúil. Ba cheart ranníocaíocht na Roinne a aithint go poiblí i ngach fógra agus poiblíocht maidir leis an scéim seo agus ba cheart na lógónna/na gléasanna cuí a úsáid in aon ábhar clóite.

## Cistiú Státhiste Eile

B'fhéidir go mbeidh tionscadail incháilithe cistiú a fháil ó bhreis agus scéim amháin a chistítear go poiblí. Ba cheart eolas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil i Míreanna 4a agus 4b den fhoirm iarratais a chros-seiceáil maidir le deontais eile a d'fhéadfaí a sholáthar ó chistí státhiste.

Nuair atá an séadchomhartha seandálaíochta á úsáid ar mhaithe le gníomhaíocht gheilleagrach, is féidir a mheas gurb ionann an cistiú faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail agus cistiú de minimis ar mhaithe le cuspóirí Cúnaimh Stáit.

## Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise

B'fhéidir go mbeidh iarratais ar chistiú faoin scéim faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

## Spotseiceálacha

Mar chuid de na rialuithe a dhéanann an Roinn maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus nósanna imeachta faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail, tabharfaidh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta faoi spotseiceálacha fánacha ar thionscadail chistithe, cigireacht láithreáin agus Ráitis Mhodka cheadaithe a chomhlíonadh san áireamh. Cuirfidh an Roinn an tÚdarás Áitiúil ar an eolas ar chuartheanna a bheartaítear a thabhairt chun rochtain éifeachtúil agus shábháilte a chomhordú. Caithfidh iarratasóirí/úinéirí agus a ngníomhairí rochtain a cheadú ar an séadchomhartha faoi na cúinsí siúd.

## Torthaí Spotseiceálacha

Cuirfear an tÚdarás Áitiúil ar an eolas ar thuarascáil deiridh na Roinne maidir le tionscadal, sa mhullach ar aon torthaí nó moltaí. Sa chás go n-aimsítear aon chás neamhrialtachta nó calaoise nó neamhchomhlíonta i dtaobh Ráitis Mhodha cheadaithe i rith spotseiceála, is féidir an méid seo a leanas a áireamh leis na bearta is féidir a dhéanamh:

**Neamhrialtacht** – An buntáiste a fuarthas go héagórach a aistarraingt trí oibleagáid a leagan ar an té na méideanna atá dlite nó a fuarthas go héagórach a íoc nó a aisíoc.

**Calaois** – Atreorófar an té chuig an údarás cuí.

**Neamhchomhlíonadh Ráitis Mhodha cheadaithe** – beidh bearta feabhais ag teastáil chun aon neamhchomhlíonadh a chur ina cheart.

## Coimhlint Leasa

Caithfidh gach Údarás Áitiúil a dhéanann iarratas nó iarratais Foirm Choimhlint Leasa a sheoladh ar aghaidh, de réir an Aguisín a chuirtear ar fáil.

Cinneadh na Roinne

Nuair a dhéantar cinneadh faoi na leithdháiltí cistithe, féadfaidh an Roinn roinnt tosca a chur san áireamh, cothromaíocht tíreolaíochta chun tacú le comhionannas réigiúnach agus an inmhianaitheacht ina measc chun meascán tionscadail éagsúla a chistiú. Beidh an ceart ar cosaint ag an Roinn chun **cistí ceadaithe a athshannadh** do thionscadal ceadaithe eile mura gcomhlíontar téarmaí an bhuncheadaithe laistigh de thréimhse shainithe.

## An RGCS / Ráiteas Príobháideachais

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus meas a léiriú air agus téann sí i mbun bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla chun d'eolas a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. Ní phróiseálfaidh an Roinn do shonraí pearsanta d'aon chuspóir eile seachas é sin dá mbailíodh iad. Is féidir sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí poiblí eile faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear dó seo sa dlí.

Ní choimeádfaidh an Roinn do shonraí pearsanta ach a fhad sin agus is gá do na cuspóirí dá mbailíodh iad agus dá bpróiseáladh iad ina dhiaidh sin.

Nuair a éagann an riachtanas gnó chun an fhaisnéis seo a choimeád, déanfar scrúdú air ag féachaint leis na sonraí pearsanta a mhilleadh a luaithe agus is féidir, ar aon dul le beartas na Roinne. Is féidir teacht ar bhreis faisnéise faoi Chosaint Sonraí ar ár láithreán gréasáin ag: <https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/?referrer=http://www.housing.gov.ie/corporate/compliance/data-protection/data-protection>

## Poiblíocht / Na Meáin Shóisialta

Ba cheart d'iarratasóirí rathúla na meáin shóisialta a úsáid chun béim a leagan ar an tionscadal, agus tacaíocht an Chiste á haithint - eiseofar ainmneacha úsáideora ar leith Twitter d'iarratasóirí rathúla tionscadail nuair a bhronnfar an cistiú orthu.

Cruthóidh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta foilseachán ar líne a léireoidh an tionchar a imreoidh Ciste 2022. Tá ar gach Údarás Áitiúil/eagraíocht atá cistithe ag an Stát an méid seo a leanas a sholáthar don Roinn mar chuid dá nÉileamh ar Aisíocaíocht CMF/C (más féidir) nó, mar rogha air sin, faoin 5 Nollaig 2022.

- Grianghraif de na séadchomharthaí ábhartha (roimh agus i ndiaidh, más infheidhme) agus/nó aschur ceadaithe tionscadail, e.g. comharthaíocht. Ba cheart na grianghraif a ainmniú le hUimhir Thagartha uathúil CSP an Tionscadail)
- 150 focal (ar a mhéid) i bhfriotal inrochtana faoi na hoibreacha a chistítear, faoi rannpháirtíocht an phobail, más ábhartha agus faoin tairbhe a chruthaítear don phobal

## Sonraí Teagmhála

Chun teacht ar eolas breise maidir leis an scéim seo, seol ríomhphost, le do thoil, chuig [cmf@housing.gov.ie](mailto:cmf@housing.gov.ie) agus déan 'CSP 2021' a scríobh i líne ábhair an ríomhphoist. <mailto:nationalmonuments@chg.gov.ie> 'CSP 2022'

**gov.ie/tithíocht**